DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 17 Iúil 2023

Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**
Bhí Bríd Ní Fhachtna ar Zoom agus na Comhaltaí Boird eile i láthair i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Iarradh leasú ar mhiontuairiscí Mhí an Mheithimh

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn agus Coimisiún na Meán**

5.1.1 *Géarchéim RTÉ*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh sé deacair a rá cén tionchar a bheadh ag géarchéim RTÉ ar TG4. Dúradh gur cinnte go mbeadh athruithe suntasacha á ndéanamh maidir leis an éiceachóras craoltóireachta poiblí. Dúradh freisin go mbeadh béim bhreise ar thrédhearcacht maidir le caiteachas airgid phoiblí agus go gcuirfeadh TG4 fáilte roimhe sin. Deimhníodh go mbíonn TG4 ag déanamh léirmheas leanúnach ar a gcaiteachas poiblí le go bhfuil sé trédhearcach agus cóir.

Dhearbhaigh an tArd-Stiúrthóir nach raibh aon 'Barter Accounts' in úsáid ag TG4. Míníodh go raibh idirbhearta malartaithe ('contra transactions') in úsáid áit a ndéanann TG4 fógraíocht do chomhlachtaí áirithe agus go

DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

soláthraíonn na comhlachtaí sin fógraíocht nó seirbhísí ar an luach céanna ar ais do TG4. Níl aon eilimint airgid i gceist leis an malartú seo agus déantar iad a thuairisciú mar chuid den iniúchadh bliantúil ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Dúradh gur comhlacht seachtarach a dhéanann bainistiú ar dhíolachán fógraíochta TG4 agus go gcuirtear an tseirbhís seo amach chun tairisceana gach 3 – 5 bliana.

Míníodh nach raibh 'Executive Board' ag TG4. Tá foireann Ard-Bhainistíochta ag TG4 a thagann le chéile go hiondúil gach dara seachtain agus coinnítear miontuairiscí ar an bplé agus na cinntí móra bainistíochta.

5.1.2 *Ráiteas Straitéise*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh an Ráiteas Straitéise curtha faoi bhráid na Roinne agus go mbeadh súil an Aighneacht Réamhbhuiséid a chur chuig Teachtaí Dála agus Seanadóirí nuair atá sé ceadaithe ag an Aire.

5.1.3 *Coimisiún na Meán:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh Coimisinéirí agus feidhmeannaigh Choimisiún na Meán ar cuairt i mBaile na hAbhann ar an Aoine 14/07 agus go raibh plé dearfach ann.

5.1.4 *Comhchoiste Dála:* Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir go raibh sé féin agus an Bainisteoir Coimisiúnaithe i láthair ag cruinniú de Chomhchoiste na Meán ar an 12/07 mar a raibh plé ar 'thodhchaí na craoltóireachta spóirt in Éirinn' agus impleachtaí GAAGO.

5.2 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí.**

5.2.1 *Teanga Comharthaíochta ar 'Saol Ella':* Tugadh le fios go raibh Danú Media le cabhair ó Choimisiún na Meán ag rith togra píolótach chun leagan den sraith 'Saol Ella' le teanga chomharthaíochta a chur ar fáil.

5.2.2 *Fleadh Scannán na Gaillimhe:* Dúradh go raibh ócáid sa 'Phálás' Dé Sathairn 15/07 ag tabhairt aitheantais do mhná atá ag obair san earnáil. Fógraíodh comhpháirtíocht nua idir TG4 agus WIFT (Women in Film & Television Network) agus déanadh ceiliúradh ar dhá scannán de chuid TG4 a léiríodh ag an Fleadh, 'Ó Bhéal' (stiúrtha ag Ciara Nic Cormaic) agus 'Croíthe Radacacha' (stiúrtha ag Ciara Hyland).

DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

5.2.3 *Transmixr:* Déanadh tagairt de theacht le chéile in Amsterdam ag tús mhí Iúil ag comhpháirtithe sa togra Eorpach Transmixr a bhfuil baint ag TG4 leis (tá TUS & Coláiste na Tríonóide bainteach leis freisin). Tá dul chun cinn á dhéanamh sa togra maidir leis an úsáid a d'fheadfaí a bhaint as AI/VR/AR i dtaca le cúrsaí nuachta agus craoltóireachta. Thug ionadaithe TG4 cuairt chomh maith ar an tseirbhís náisiúnta nuachta seirbhíse poiblí NOS agus an Chartlann Náisiúnta Closamhairc https://www.beeldengeluid.nl/en.

5.3 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

5.3.1 *Folúntais:* Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir roinnt athruithe foirne a thárla le mí anuas agus folúntais fógartha dá réir.

Dúradh go raibh spéis mhór léirithe sa bpainéal láithreoirí leanúnachais agus beirt roghnaithe le tosú i mbun tréimhse oiliúna sa bhfómhar.

## 6. Gnó an Chathaoirligh

6.1 Rinne an Cathaoirleach comhbhrón le muintir Mhaidhcín Dan Ó Droighneáin a bhásaigh le déanaí, agus comhbhrón ar leith lena bhean Máire Uí Dhroighneáin atá ag aisteoireacht i Ros na Rún le blianta fada agus a bhfuil obair mhór déanta aici leis an amhránaíocht ar an tsean-nós a thabhairt ar aghaidh chuid an chéad ghlúin eile.

## 7. Cuntais Mhí an Mheithimh 2023

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí an Mheithimh. Mhínigh sí mar a sheas Caiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.
Glacadh leis na cuntais.

## 8. Costais Taistil

Déanadh plé ar threoirlínte taistil TG4.
Mhínigh an tArd-Stiúrthóir an comhthéacs le polasaí taistil TG4. I 2022 rinne Bord TG4 athbhreithniú ar chostais taistil chun rátaí taistil a chomhaontú a bhí faoi bhun ghnáthrátaí na Státseirbhíse. Mar eintiteas reachtúil neamhspleách, ní bhreathnaítear ar TG4 mar chuid den státseirbhís. Cuireadh na rátaí seo i bhfeidhm i TG4 i 2023 agus é mar aidhm leo costais a chur ar fáil a bhí féaráilte don fhoireann, úsáid córais taistil poiblí a spreagadh, agus daingniú ar luach an airgid phoiblí ó TG4.

DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

Dúirt an Cathaoirleach gur comhlacht stáit é TG4 mar sin féin a chaithfidh cloí leis an gCód Cleachtais um Rialáil na mBord Stáit (2016) agus go mbíonn seicliosta bliantúil le líonadh ag an eagraíocht ag deimhniú go bhfuil sí ag cloí le gach mír den Chód Cleachtais. Dúradh freisin go raibh sé tabhachtach nach mbeadh daoine as póca.

D'aontaigh an Bord go gcuirfí na rátaí céanna i bhfeidhm don Bhord agus don Fhoireann.

Aontaíodh na ciorcláin 16/2022 agus 17/2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus iad a bheith siarghabhálach ón 19 Meitheamh 2023.

**9. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an Lucht Féachana do Mhí an Mheithimh. Lean TG4 mar an 7ú cainéal is mó féachana le sciar 1.7% mar a bhí i Meitheamh 2022.

Bhí an lucht féachana ba mhó ag cluichí GAA faoi aois agus ag an séasúr nua de chraobh Peile na mBan. D'éirigh go maith leis an sraith Men's Sheds, Fíorscéal agus Réabhlóid GAA maraon le athchraoladh ar an sraith Contractors. Bhí tóir ag an lucht féachana Fios Físe ar chlúdach ón gComórtas Peile agus ar sraitheanna Ros na Rún, Baillte agus clár faisnéise Oileán Thoraí.

Ar an Seinnteoir b'iad Beochraolta GAA agus sraitheanna Ros na Rún agus Laochra Gael ba mhó féachana. Ar na Meáin Shóisialta, bhí trácht ar mhíreanna ó Fhéile na Meán Cheilteach, fógra Pheil na mBan ar TikTok agus Beadaí Claire ar BLOC TG4.

**10. Cainéal Cúla4**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta eolas maidir le ullmhúchán do sheoladh Cainéal Cúla4 ar an 08/09/23. Tugadh eolas maidir le ardáin chraolta, an sceideal agus plean poiblíochta don chainéal nua. Dúradh go raibh 3 chonradh ollsoláthair nua aontaithe agus 5 fholúntas líonta in TG4 leis an gcainéal a rith. Meabhraíodh go raibh cúrsa oiliúna á rith sa samhradh ag

DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

Acadamh Fíbín le traenáil a dhéanamh ar lucht léirithe i réimse clár daoine óga.

**11. Gnó Comhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó ó Chomhaltaí Boird.

**12. Riarachán Boird**

Dheimhnigh an Cathaoirleach go mbeadh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Oibríochtaí i láthair ag an gcruinniú Boird feasta.

Ceadú Conartha:
D'fhág ceathrar comhalta an cruinniú (Darach Ó Tuairisc, Mairéad Ní Nuadháin, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Siobhán Ní Ghadhra).

Thug an Stiúrthóir Airgeadais eolas breise mar aguisín maidir le Conradh Ollsoláthair Nuacht Cúla4. Tháinig Bord TG4 le chéile ar Zoom ar an 29ú Meitheamh agus ceadaíodh an conradh ollsoláthair ag an chruinniú sin. Moladh athbhreithniú théis bliana mar is gnáthaí le conraithe ollsoláthair.

**13 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**14 Léargas: EBU (Aontas Craoltóirí Eorpacha)**

Tháinig triúr ball den EBU i láthair ar Zoom le léargas a thabhairt ar chuid de na tosaíochtaí atá ag Craoltóirí Seirbhíse Poiblí Eorpacha.

I láthair (ar Zoom), bhí Vanessa O Connor, Stiúrthóir Caidreamh Ball; Florence Hartmann, Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise na Meán (MIS); Wouter Gekier, Ceannasaí oifig EBU sa Bhruiséil.

DocuSign Envelope ID: FB4F9C04-F0D1-4BA4-90EA-5D23445DFA8E

## Críoch

***Síniú*** DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407...

**Dáta** 16-Oct-23 | 5:28 PM BST